



An tOmbudsman
Pinsean
**Pensions
Ombudsman**

Oifig an Ombudsman Pinsean

Tuarascáil Bhliantúil 2016

An Clár

Réamhrá ón Ombudsman Pinsean.....	3
Rannán 1 – Bainistiú Gearán.....	5
Réamhrá	5
Cúlra.....	5
Aistrithe	7
Rochtain ar roghanna ARF	7
Rannán 2 – Achoimre ar an Líon Cás agus Staitisticí 2016.....	8
Fíor 2.1 – Achoimre ar an Líon Cás in 2016	8

Anailís ar Chásanna Gearáin Mionsonraithe in 2016	9
Fíor 2.2 – Cineál na Saincheisteanna Gearáin Nua	9
Fíor 2.3 – Críochnú Gearáin de réir Cúise in 2016	10
Fíor 2.4 – Achoimre de réir Earnála ar chásanna nua in 2016.....	11
Gearáin a Fuarthas de réir Cineál Scéime	11
Fíor 2.5 – Inscne Gearán	12
Cuid 3 – Samplaí de Chásanna ar déileáladh leo in 2016	13
Cás A: Aisiocaíocht Ranníocaíochtaí	13
Cás B: Sochar ó fhostaíocht roimhe seo a rianú.....	13
Cás C: Treoracha infheistíochta nach ndearnadh	14
Cás D: Rochtain ar Roghanna ARF	14
Cás E: Deacracht a bhí ann le haistriú idir scéimeanna pinsin	15
Cás F: Sochar um Fhágáil Seirbhíse Féideartha.....	15
Cuid 4 – Ráitis Airgeadais	17

Réamhrá ón Ombudsman Pinsean

Tá cinneadh déanta ag an Rialtas oifigí an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais (FSO) agus an Ombudsman Pinsean a chónascadh. Beidh reachtaíocht chumasaithe ag teastáil chuige seo. Tá an Roinn Airgeadais, mar aon leis an Roinn Cuimsithe Sóisialta agus Oifig an Ard-Aighne, ag dul ar aghaidh leis seo faoi láthair san Oireachtas. Idir an dá linn, rinneadh foráil i reacht chun sealbhóir an phoist mar Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus mar Ombudsman Pinsean a cheapadh.

Ceapadh mise mar Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais in Aibreán 2015 agus mar Ombudsman Pinsean i mí Bealtaine 2016. Cé go bhfuil an dá phost agam faoi reachtaíocht ar leith, comhoibríonn an dá oifig go dlúth agus tá siad suite i bhfoirgneamh amháin. Thug an dá oifig faoi obair mhór chun an cónascadh a éascú agus a réiteach.

D’ainneoin an comhoibriú láidir atá ann idir na hOifigí, is gá go leanfadh an dá oifig ag feidhmiú go neamhspleách óna chéile, ar feitheamh achtú na reachtaíochta cumasaithe. Dá bharr seo, is gá Tuarascálacha Bliantúla ar leith a tháirgeadh, le cloí leis an reachtaíocht ar leith a rialaíonn an dá Oifig faoi láthair.

Tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais don bhliain 2016 d’Oifig an Ombudsman Pinsean a chur i láthair Regina Doherty TD, an tAire Coimirce Sóisialaí.

Tugtar léargas i sa Tuarascáil seo ar obair agus ar ghníomhaíochtaí na hOifige, mar aon le sonraí na gcostas a bhaineann le bliain airgeadais 2016. Tá tráchtairacht agus roinnt samplaí de na cásanna a láimhseálar i rith 2016 sa Tuarascáil seo. Tá súil agam go mbeidh sé seo ina chúnaimh do bhaill scéime agus dóibh siúd atá bainteach i riaradh scéime pinsin agus láimhseáil gearáin mar aon le do ghearánaithe féideartha agus dá gcomhairleoirí.

Is é an ról atá ag an Oifig iniúchadh agus breithniú a dhéanamh, ar bhealach neamhspleách agus neamhchlaonta, ar ghearáin a bhaineann le scéimeanna pinsin gairme, Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (PRSA) agus Conarthaí Blianachta Scoir Iontaobhais a bhaineann le míriarachán agus cailteanas airgeadais, agus ar dhíospóidí maidir le fíric nó dlí, a d’fhéadfadh teacht chun cinn i ndáil leis na gearáin sin.

D’éabhlóidigh an próiseas um láimhseáil gearán ó bunaíodh an Oifig, ionas nach dtiocfaidh cinneadh atá ina cheangal dlí, mar a fholáitear faoi Alt 139 d’Acht na bPinsean, 1990, arna leasú, ach ó líon beag cásanna a ndéanaimid iniúchadh orthu.

Is é an bealach is fearr linn gearáin a réiteach, trí bhealach neamhfhoirmiúil lena n-áirítear eadráin idir na páirtithe, nó trí thuarascáil neamhspleách agus neamhchlaonta a chur ar fáil do na páirtithe ina bhfuil treoir/soiléiriú maidir lena teidlíocht sochair agus maidir leis na saincheistanna díospóide. Is é seo an chaoi a réitítear formhór na gearán.

Inár dtaithí, is bealach éifeachtach le gearáin a réiteach iad a láimhseáil ar an mbealach neamhfhoirmiúil seo, agus dá bharr sin go réitítear iad níos tapúla agus ní bhíonn an oiread achran ag baint leo agus bíonn an tseirbhís níos fearr. Dearbhaítear é seo in aiseolas ó rannpháirtithe.

I rith 2015, i gcomhoibriú le Biúro an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais, ghlac an Oifig páirt in athbhreithniú neamhspleách ar ár n-oibríochtaí. Mar chuid den phróiseas, rinneamar comhairliúchán lenár ngeallsealbhóirí. Thug an t-aiseolas a fuairamar mar chuid den phróiseas seo gurbh fhearr le rannpháirtithe leanúint leis an gcur chuige neamhfhoirmiúil le réiteach díospóide a ghlacann an Oifig leis.

Tá cóip den Tuarascáil um Athbhreithniú Straitéiseach agus Oibríochtúil, a foilsíodh in Eanáir 2016, ar fáil ar ár Suíomh Gréasáin.

Réitíodh beagnach 66% de na cásanna a dúnadh in 2016 trí mhodhanna neamhfhoirmiúla lena mbaineann eadráin, treoir nó tuairisciú, agus níor eisíodh cinntí ina cheangal dlí ach in 1.33% de chásanna a dúnadh. Leagtar amach sonraí na gcúiseanna dúnta i bhFíor 2.3 *Críochnú Gearáin de réir Cúise in 2016* sa Tuarascáil seo.

Deimhním go leanfaidh an Oifig ag cuidiú le comhaltaí scéim pinsin agus sealbhóirí Cuntais Choigiltis Scoir Pearsanta (PRSA) lena ngearáin agus fiosrúcháin a bhaineann le pinsin, ar bhealach chomh praiticiúil agus chomh dírithe ar an gcustaiméir agus is féidir leis na hacmhainní atá ar fáil dúinn.

Ní bhainfí an réiteach leanúnach gearán amach in 2016 gan tiomantas agus tacaíocht ár bhfoirne agus ár ngeallsealbhóirí.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le Bainistíocht agus Foireann Oifig an Ombudsman Pinsean a lean ag léiriú a dtiomantas agus a n-obair chrua in éadan ualach oibre seasta agus amanna dúshlánacha agus athraitheacha agus muid ag freastal ar ár gcustaiméirí agus ag leanúint ag réiteach don chónascadh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Foireann Bhiúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais as a gcomhoibriú agus a dtacaíocht.

Buíochas chomh maith leis an Roinn Coimirce Sóisialaí as an tacaíocht oibríochtúil a thugtar don Oifig.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le agus ómós a thabhairt do Paul Kenny a ceapadh ina chéad Ombudsman Pinsean in 2013 agus a d'fhan sa ról go dtí gur imigh sé ar scor in 2016. Bhí Paul paiseanta faoin ról agus faoi obair na hOifige. Tá cur síos maith déanta ar a éachtaí agus ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis as a chuid oibre agus as an tacaíocht agus an cúnaimh a thug sé dom nuair a ghlac mé leis an ról – mar Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus níos déanaí mar Ombudsman Pinsean. Guím sláinte agus sonas ar Paul ina shaol ar scor.



Ger Deering

Ombudsman Pinsean

30 Meitheamh 2017

Rannán 1. Bainistiú Gearán

Réamhrá

Taispeánann scrúdú ar an bhfaisnéis staitistiúil arna leagan amach i Rannán 2 den tuarascáil seo go mbaineann formhór na ngearán a cuireadh isteach chuig an Oifig in 2016 le bunú, rianú, ríomh agus íocaíocht sochar scéim pinsin.

Téann go leor daoine i dtreo aois an scoir agus iad ag súil go mbaineann teidlíochtaí pinsin lena bhfostaíochtaí ar fad, ach d'fhéadfadh sé nach mbaineann. Is amhlaidh an scéal go háirithe i gcás fostaíochtaí níos sine.

Cúlra

Faoi láthair, faoi dhlí na hÉireann, níl aon dualgas ar fhostóirí scéim pinsin a chur ar fáil dá bhfostaithe. Ach, ó 2003, is gá d'fhostóirí nach bhfeidhmíonn scéim pinsin rochtain ar Chuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (CCSP) a éascú dá bhfostaithe gur mian leo foráil phinsin a dhéanamh.

Go dtí gur tugadh isteach cosaintí éagsúla, trí chaomhnú agus nochtadh riachtanas faisnéise, faoi Acht na bPinsean 1990, níorbh ghá do scéimeanna pinsin aon sochar a thabhairt do bhaill foirne a d'fhág fostaíocht roimh aois scoir. Ná níorbh ghá dóibh baill a chur ar an eolas maidir le haon teidlíochtaí a d'fhéadfadh bheith acu faoi scéim pinsin nuair a d'fhág siad seirbhís nó i gcás go n-athrófaí nó go gcríochnófaí scéim, cé go bhféachfaí air mar dhea-chleachtas riaracháin chun sin a dhéanamh.

I rith an chúlaithe eacnamaíochta, laghdaigh go leor scéimeanna sochair sainithe a sochair nó cuireadh deireadh leo, theip ar ghnólachtaí agus dhún scéimeanna pinsin dá bharr.

Mar thoradh, tá cohórt mó oibríthe nach bhfuil teidlíocht scéim pinsin ar bith acu nó a bhfuil sé laghdaithe go mór, ag baint le tréimhsí seirbhíse atá caite agus tá níos mó nach bhfuil soiléir faoi shochair féideartha. Go minic, ní lorgaítear sonraí maidir le sochair phinsin roimhe seo go dtí go bhfuil scor ar na bacáin. Ansin, mar gheall ar imeacht ama ó d'fhág an fostaí an fhostaíocht roimhe sin agus na hathruithe a d'fhéadfadh a bheith tarlaithe le gnó agus scéim pinsin an iarfhostóra, d'fhéadfadh sé bheith deacair a fháil amach an bhfuil aon teidlíocht pinsin ann agus é seo a rianú agus a thiontú ina íocaíocht.

Inár dtaithí, níl dóthain aithne ag go leor ball reatha scéime ar na téarmaí a bhaineann lena scéim pinsin ná bunús na dtairbhí ríomhaireachta faoi sin. Má fhágtar go dtí aois scoir é chun teidlíocht na scéime pinsin a chinneadh, d'fhéadfadh baill a fháil amach nach bhfuil dóthain soláthar pinsin acu agus nach bhfuil mórán ama acu chun a bpost a fheabhsú.

Tá daoine ag maireachtáil níos faide, agus táthar ag súil go mbeidh tuilleadh feabhsuithe le himeacht ama. Is é an t-ionchas saoil atá ag fear atá os cionn 65 bliain faoi láthair níos mó ná 86 bliain agus do bhean os cionn 65 bliain faoi láthair, tá ionchas saoil níos mó ná 88 bliain aici. Agus an t-ionchas acu go mairfidh siad os cionn 20 bliain agus iad ar scor, is gá dóthain sochar a bheith ann chun ioncam dóthanach a chur ar fáil agus iad ar scor.

Is í an chéad chéim i bpleanáil don scor agus an rud atá ríthábhachtach chun é seo a bhaint amach, tuiscint a bheith agat ar na teidlíochtaí sochair atá ar fáil faoi scéim pinsin nó PRSA.

Faoi riachtanais nochta an Achta Pinsean, 1990, arna leasú, caithfear faisnéis rialta a chur ar fáil do bhaill scéim pinsin agus sealbhóirí PRSA lena maidir lena dteidlíochtaí. Is cosúil, ar an iomlán, go gcloínn údaráis na scéime pinsin agus soláthraithe PRSA lena ndualgais tuairiscithe. Féadann na tairbhí agus na roghanna éagsúla le baill, go háirithe tráth scoir bheith casta agus mearbhlach. Chun iad seo a chlúdach i gceart agus chun na dualgais tuairiscithe a shásamh, d'fhéadfaí tuairiscí teicniúla mionsonraithe a tháirgeadh, nach bhfuil éasca le léamh. Is é an taithí atá againn, nach dtugann mórán ball aird ar na ráitis ná na tuairiscí tairbhe a fhaigheann siad nó bíonn siad mearbhlach agus dothuigthe do dhaoine.

Ach, mura dtugtar am agus iarracht do bhaill le go dtuigfidh siad na téarmaí atá i bhfeidhm faoina scéim pinsin nó PRSA, d'fhéadfadh an próiseas a bhaineann lena sochair scoir a aibiú bheith díomách agus achrannach. Tig leo scor a bhaint amach agus iad ag súil le cineáil agus leibhéal sochair, atá an-difriúil ón rud atá ar fáil i ndáiríre, agus gan mórán ama acu chun an cás a fheabhsú.

Ar an gcúis seo a spreagfaimis údaráis scéim pinsin agus soláthraithe PRSA oibriú ar cháilíocht a dtuairiscithe do bhaill a fheabhsú, ionas nach amháin go gcloíonn sé le riachtanais nochta ach go dtugann sé faisnéis bhríoch faoina sochair pinsin agus go dtugann sé treoir agus cúnamh do bhaill a lorgaíonn é.

Spreagfaimid baill scéime agus sealbhóirí polasaí PRSA labhairt le soláthraithe, eolas a chur ar na téarmaí a bhaineann lena socrú pinsin féin, breathnú ar na ráitis agus tuairiscí rialta a thugtar dóibh agus ceisteanna a ardú agus mínithe a lorg mura bhfuil nithe a bhaineann lena bpinsean soiléir nó mura dtuigeann siad iad.

Táimid ag súil go mbeidh cumarsáid agus rannpháirtíocht níos fearr idir na páirtithe lena mbaineann scéimeanna pinsin agus PRSAnna agus mar thoradh air sin, beidh tuiscint níos fearr agus níos réadúla ag ball ar a dteidlíochtaí agus beidh sin in ann pleanáil a dhéanamh le go mbeidh dóthain sochar acu tráth scoir.

Aistrithe

Tá Oifig an Ombudsman Pinsean fós ag fáil gearán maidir le deacrachtaí a bhíonn ag daoine i mbun aistrithe idir socrúithe pinsin. Bhain formhór díobh seo in 2016 le moill a tharlaíonn sa phróiseas aistrithe, le héilimh ar chailteanais airgeadais a tharlaíonn dá bharr. Ní iondúil gur idirbhearta tapa a bhíonn in aistrithe mar gur gá don scéim pinsin atá ag íoc agus atá ag fáil an aistrithe seiceanna áirithe a dhéanamh agus dualgais áirithe a chomhlíonadh sular féidir an t-aistriú a chur tríd. Baineann srianta le haistrithe beartaithe áirithe, e.g. idir Scéimeanna Pinsin Gairmeacha agus socrúithe Pinsin Pearsanta (ar a dtugtar Conarthaí Blianachta Scoir nó RACanna), agus bíonn fadhbanna ag baint leis na riachtanais a bhíonn le comhlíonadh chu aistriú chuig Conarthaí Blianachta Scoir Pearsanta (PRSAnna) nó chuig socrúithe pinsin thar lear agus d'fhéadfaidís moill a chur ar an aistriú nó é a stopadh ar fad.

Rochtain ar roghanna ARF

I dTuarascáil Bhliantúil an Ombudsman Pinsin 2014, rinneadh trácht gur coinníodh siar rochtain tráth scoir ar roghanna Chiste Scoir Formheasta (ARF) ó shealbhóirí Bannaí ceannaigh thar barr amach (ar a dtugtar Bannaí Scoir Pearsanta) a d'eascair as Scéimeanna Pinsin Sochar Sainithe, agus go ndearna an tOmbudsman Pinsin léirithe le go n-athrófaí é seo. Bhain an tAire Airgeadais an bac seo trí bheartas athraithe a fhógairt ar an 22 Meitheamh 2016 a cheadóidh do shealbhóirí na mbannaí sin, ag dul chun cinn, rochtain tráth scoir ar roghanna ARF.

Rannán 2 Achoimre ar an Líon Cás agus Staitisticí 2016

Fuair Oifig an Ombudsman Pinsean 1,222 gearán nua in 2016. Léirigh sé seo laghdú 14% ar an líon gearán a fuarthas in 2015. Cé nach féidir a chinneadh go beacht céard a thiomáineann gluaiseacht i gcur isteach gearán, is dóchúil go raibh fás leanúnach ar mhargaí infheistíochta agus luachanna ciste pinsin ag cobhsú ag cur le socrú síos na n-athruithe a cuireadh i bhfeidhm faoi go leor scéimeanna pinsin gairmeacha le blianta beaga anuas.

Bhí 100 cás nua ar láimh againn ag tús 2016. I rith 2016, d'athosclaíomar 19 gcás agus fuairamar 1,222 cás nua agus b'ionann an líon cásanna iomlána a bhí idir lámha do 2016 agus 1,341.

Tar éis 1,281 cás a chur i gcrích i rith 2016, chríochnaíomar an bhliain le 60 cás gearáin de láimh. Léiríonn sé seo laghdú 40% sa líon cásanna ar láimh ag deireadh 2016, i gcomparáid le deireadh 2015.

Déantar scrúdú i dtosach ar gach cás nua a chuirtear isteach chuig an Oifig chun cinneadh a dhéanamh céard iad na saincheisteanna gearáin agus céard é an modh is fearr le déileáil leo. Caithfear a chur san áireamh chomh maith an dtiteann na saincheisteanna gearáin laistigh dár sainchúram reachtúil agus laistigh de na srianta ama atá i bhfeidhm. Nuair a mheastar go bhféadfaí na saincheisteanna a réiteach trí shoiléiriú a thabhairt ar theidlíochtaí an ghearánaí nó trí mheasúnú neamhspleách a dhéanamh ar cheisteanna i ndíospóid nó trí eadráin a chur ar fáil idir na páirtithe, úsáidimid modhanna i dtosach, go minic trí theagmháil teileafóin nó ríomhphoist, nó trí thuairisc treorach a tháirgeadh.

Mura réitíonn an cur chuige seo an gearán, d'fhéadfadh sé bheith riachtanach tús a chur le hiniúchadh foirmiúil, agus d'fhéadfaí Cinneadh Deiridh atá ina cheangal dlí a eisiúint, mar a fholáitear faoi Alt 139 d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú.

Osclaíodh comhaid ghearáin mhionsonraithe i leith 302 den 1,281 cás críochnaithe in 2016. Níor táirgeadh ach ceithre Chinneadh deiridh in 2016 mar thoradh ar ár scrúdú ar na cásanna seo.

Fíor 2.1 – Achoimre ar an Líon Cás in 2016

Bliain	Cásanna Nua Faighte	Cásanna Tugtha ar Aghaidh	Cásanna Athoscailte	Líon iomlán cásanna in 2016	Cásanna Curtha i gcrích	Cásanna ar láimh ag deireadh na bliana
2016	1,222	100	19	1,341	1,281	60

Anailís ar Chásanna Gearáin Mionsonraithe in 2016

Leagtar amach sa rannán seo den tuarascáil, sonraí maidir leis na cásanna gearáin ar déileáladh leo in 2016. Ní choinnímíd staitisticí cuimsitheacha ach maidir le cásanna ar osclaíodh comhaid ghearáin mhionsonraithe ina leith.

Mar a luadh, thosaíomar 2016 le 100 cás gearáin de láimh againn. I rith 2016, d'athosclaíomar 19 seanchás, agus bhunaíomar 243 cás gearáin mionsonraithe nua, chun líon cásanna iomlán 362 a thabhairt dúinn. Tar éis dúinn 302 díobh seo a dhúnadh in 2016, chríochnaíomar an bhliain le 60 cás gearáin mionsonraithe de láimh.

Fíor 2.2 – Cineál na Saincheistanna Gearáin Nua

Cineál an Imscrúdaithe	2015	2016
Lacáiste/Pinsean Forlíontach	1	2
Ranníocaíochtaí Breise Deonacha	3	1
Ceisteanna faoi ARF/AMRF	2	2
Bannaí ceannaigh thar barr amach	1	2
Ríomh na sochar	64	55
Aisíocaíochtaí ranníocaíochta	3	2
Nochtadh faisnéise	35	22
Luathscor	3	3
Saincheist um Chaitheamh go Cothrom	1	2
Luachanna Ciste	34	12
Fiosrúchán ginearálta	3	0
Drochshláinte	4	8
Íocaíocht mhícheart / dhéanach / gan aon sochar	33	29
Faisnéis mhícheart a thugann ionchas bréagach	4	7
Coinníollacha ballraíochta/iontrála	13	11
Mídhíol	4	1
Saoradh Pinsin	6	3
Orduithe Coigeartuithe Pinsean	5	4
Méaduithe iarscoir	0	4
Caomhnú sochar	8	7
Íocaíocht ranníocaíochtaí	19	4
Sochair chéilí agus chleithiúnaithe	11	8
Aistrithe	11	10
Foirceannadh	10	8
Blianta seirbhíse – costas / creidmheas	39	36
Iomlán	317	243

Fíor 2.3 – Críochnú Gearáin de réir Cúise in 2016

Críochnú de réir Cúise	2015	2016
Moladh go raibh gá le IDR	14	29
Achomharc – Seasadh le Cinneadh	3	1
Achomharc – Nach ndeachthas ar aghaidh leo	1	2
Ní dheachthas ar aghaidh le gearán	44	32
Forghníomhú déanta	1	1
Cinneadh Deiridh – Níor Seasadh le Gearán	21	1
Cinneadh Deiridh – Seasadh le Gearán	9	3
Níorbh fhéidir imscrúdú a dhéanamh de bharr níorbh dlí	1	1
OTOR	20	11
OTOR – Cuir faoi bhráid Ombudsman/Rialaitheoir Eile	19	9
Tugadh Tuairisc agus Treoir	214	186
Eadráin Rathúil	45	22
Eadráin Neamhrathúil	1	4
Iomlán	393	302

* OTOR = Taobh amuigh de Théarmaí Tagartha

Mar a rinneamar le roinnt blianta anuas, dúnaimid formhór cásanna gan an gá le cinneadh a bhfuil ceangal dlí aige a eisiúint. Mar a léirítear sa tábla thuas, eisíodh Cinntí Deiridh i níos lú ná 1% de chásanna a críochnaíodh in 2016. Ba léir dúinn go rabhamar in ann saincheisteanna gearáin a shoiléiriú, measúnú neamhspleách a thabhairt agus rudaí a chur chun cinn i dtreo réitigh ar bhealach nach raibh chomh hachrannach agus níos tapúla mar gheall gur ghlacamar le cur chuige eadráin nó tuairiscithe/treorach níos neamhfhoirmiúla, agus dá bhrí sin ag tabhairt seirbhíse do chustaiméirí níos fearr.

Fíor 2.4 - Achoimre de réir Earnála ar chásanna nua in 2016

Cineál Scéime	2015	2016
Scéim san Earnáil Phoiblí	128	112
Scéim san Earnáil Phríobháideach	182	129
Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (PRSA)	5	1
	315	242
Níl sé sonraithe	2	1
Iomlán	317	243


Féadfaidh an tOmbudsman Pinsean scrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus ar dhíospóidí a eascraíonn as Scéimeanna Pinsin san Earnáil Phríobháideach agus Phoiblí, cé nach bhfuil an t-údarás aige scrúdú a dhéanamh ar ghearáin ná ar dhíospóidí a bhaineann le Sochair Stáit iníoctha ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, a bhfuil a Oifig Achomhairc féin aici.

Mhéadaigh an céatadán de ghearáin foriomlána a bhaineann le scéimeanna seirbhís ó 40% in 2015 go 46% in 2016. Ní thugann cineál na ngearán a sheoltar isteach chuig an Oifig seo cúis shainiúil air seo. Ach, tá an leibhéal gearán a fuarthas maidir le ríomh sochair, coinníollacha ballraíochta/iontrála, creidmheas seirbhíse agus costais agus íocaíocht mhícheart/dheireanach nó gan aon íocaíocht fós ard. Baineann go leor díbh seo le scéimeanna seirbhís phoiblí.

Cé gur thit an líon gearán a fuarthas ó na hearnálacha poiblí agus príobháideach, is cosúil go bhfuil gearáin ón tseirbhís phoiblí ag titim ag ráta beagán níos moille ná iad siúd san earnáil phríobháideach.

Gearáin a Fuarthas de réir Cineál Scéime

Cineál Scéime 2016




Fíor 2.5 – Inscne Gearán

Inscne	2015		Líon	Céatadán
	Líon	Céatadán		
Níl sé sonraithe	2	1%	1	0%
Baineann	110	35%	92	38%
Fireann	205	65%	150	62%
Iomlán	317		243	

Léiríodh méadú beag, ó 35% in 2015 go 38% in 2016 sa céatadán gearán a fuarthas ó ghearánaithe baineanna.

Scagadh Inscne 2016



Cuid 3 – Samplaí de Chásanna ar déileáladh leo in 2016

Cás A: Aisiocaíocht Ranníocaíochtaí

Fuair Ombudsman na bPinsean gearán ó bhean a d'oibrigh do chuideachta sna 1970idí agus a áiríodh ina scéim sochar scoir. D'éiligh sí go raibh iontaobhaithe na scéime sin ag diúltú sochar a thabhairt di i ndáil leis an tseirbhís a rinne sí.

Tar éis fiosrúchán ar an gcás, fuarthas amach go raibh sí ina ball de scéim aisce lena ranníoc sí nuair a bhí sí ag obair don chuideachta. Foráladh sa scéim aisce d'aisíoc ranníocaíochtaí fostaí tráth deireadh foirmiúil na fostaíochta roimh scor.

Cé nár oibrigh an gearánaí don chuideachta ar feadh os cionn 30 bliain níor éirigh sí as go foirmiúil riamh agus ní raibh aon fhianaise gur chuir an chuideachta deireadh foirmiúil lena fostaíocht. Bhí sí in ann fianaise a thabhairt gur thug an chuideachta cead di saoire gan phá gan chríoch socraithe a thógáil ar chúiseanna teaghlaigh. D'éiligh sí, nuair a bhí sí in ann filleadh ar an obair roinnt blianta ina dhiaidh nach raibh an chuideachta in ann aon fhostaíocht a thabhairt di.

Mar gheall nár cuireadh deireadh foirmiúil lena fostaíocht, chinn an tOmbudsman nach bhfuair sí aisíoc na ranníocaíochtaí a bhí dlite di. Threoraigh sé go n-íocfaí aisiocaíocht, le coigeartú don bhoilsciú, léi.

Cás B: Sochar ó fhostaíocht roimhe seo a rianú

Rinne fear a bhí ag lorg cúnamh chun teidlíocht scéim pinsin a rianú teagmháil linn agus dúirt sé gur cuireadh comhairle air maidir le fostaíocht a d'fhág sé i 1990. An rud a bhí aisteach faoin gcás ba ea nár dhiorthaigh an sochar i gceist ach as ranníocaíochtaí an bhaill féin agus fós féin níor tairgeadh aisíoc ranníocaíochtaí dó nuair a d'fhág sé an scéim i 1990 – an gnáthchleachtas a bheadh ann ag an am.

Le himeacht ama ó 1990, tharla sraith athruithe leis an scéim, lena n-áirítear ceapadh riarthóirí agus bainisteoirí infheistíochta nua. Anuas air sin, tugadh chun deireadh é i staid easnamhach in 2006. Nuair a tugadh chun deireadh é, dáileadh na sócmhainní i measc na mball a taifeadh go raibh teidlíochtaí sochair acu. Mar gheall gur dhiorthaigh sochar an ghearánaí óna ranníocaíochtaí féin, níor taifeadh i gceart é mar theidlíocht sochar caomhnaithe agus ní dhearnadh aon fhoráil faoin scéim do shochar ina leith. Dá bhrí sin, nuair a cuireadh deireadh leis an scéim, níor áiríodh an gearánaí i ndáileadh na sócmhainní.

Thit an gearán seo lasmuigh de shrianta ama a bhaineann le dlínse Ombudsman na bPinsean mar sin ní raibh an t-údarás aige breithniú foirmiúil a dhéanamh agus cinneadh a thabhairt ar an gceist. Ach, tar éis gur bhunaigh an gearánaí gur chaill sé airgead mar gheall nár tugadh a theidlíocht scéim pinsin dó, rinne an tOmbudsman teagmháil le hiar-riarthóirí na scéime maidir le cúiteamh féideartha. Bhí sé sásta leis an gcur chuige freagrach agus comhbhách a ghlac iar-riarthóirí na scéime chun an cheist a réiteach.

Cás C: Treoracha infheistíochta nach ndearnadh

Dúirt an gearánaí gur aistríodh a ranníocaíochtaí pinsin, i ngan fhios dó agus gan treoir uaidh, chuig ciste ina raibh próifíl níos ísle riosca ná an ciste infheistíochta a roghnaigh sé. Dúirt sé chomh maith nuair a thug sé treoir chun a ranníocaíochtaí a aistriú chuig ciste le próifíl riosca níos airde, nach ndearnadh é sin.

Mar bhall de scéim pinsin gairme, infheistíodh a ranníocaíochtaí i dtosach i gciste le meánriosca a bhí ar cheann de na roghanna a bhí ar fáil ag an am. Mar chuid den phróiseas a bhain le riarthóir agus soláthraí nua a cheapadh don scéim seo, aistríodh cistí na mball ón gciste seo chuig rogha infheistíochta mainneachtana na scéime, ar ciste é le próifíl riosca íseal.

Shocraigh na hiontaobhaithe cruinnithe faisnéisithe baill inar mionsonraíodh na pleananna don scéim athbhreithnithe. Níor fhreastal an gearánaí ar cheachtar de na cruinnithe faisnéisithe cé gur cuireadh ar an eolas é fúthu. Ní raibh eolas aige gur athraigh na hathruithe a rinneadh leis an scéim próifíl riosca a chiste infheistíochta, go dtí go bhfuair sé ráiteas sochair ó na riarthóirí.

Nuair a fuair sé amach céard a tharla, d'éisigh sé treoir láithreach chuig na hiontaobhaithe chun próifíl riosca a chiste a ardú. Chuir na hiontaobhaithe an treoir seo ar aghaidh chuig bróicéir na scéime. Ba cheart don bhróicéir seo an treoir a chur ar aghaidh chuig an soláthraí a bhí in ann an treoir a chur i bhfeidhm.

Ní raibh an taifead ag an mbróicéir don treoir a sheoladh chuig an soláthraí agus ní raibh aon taifead ag an soláthraí don treoir a fháil, mar sin thug an fhianaise a bhí ar fáil le fios nár chuir an bróicéir an treoir ar aghaidh chuig an soláthraí.

Threoraigh an tOmbudsman Pinsean don bhróicéir an tsuim a íoc isteach i gciste an ghearánaí a chuirfeadh ar ais é chuig an seasamh ina mbeadh sé dá gcuirfí treoir an ghearánaí ar aghaidh chuig an soláthraí in am.

Níor seasadh leis an gcuid sin den ghearán a bhan le aistriú cistí chuig ciste le riosca níos ísle i ngan fhios dó. Bhíothas den tuairim go raibh an gearánaí freagrach as gan freastal ar na cruinnithe faisnéisithe ag ar fógraíodh na hathruithe leis an scéim.

Cás D: Rochtain ar roghanna ARF

Cuireadh gearán maidir le ARF isteach chuig Ombudsman na bPinsean i Meitheamh 2016. Faoi sin, bhí beartas fógartha ag an Aire Airgeadais le cur i bhfeidhm ón **22** Meitheamh 2016 a cheadódh do shealbhóirí Bannaí ceannaigh thar barr amach, a thosaigh í Scéimeanna Pinsin Sochar Sainithe, le leas a bhaint as roghanna ARF tráth scoir. Bhí an tOmbudsman Pinsean in ann an seasamh seo a dheimhniú don ghearánaí agus é a threorú ar ais chuig an soláthraí árachais, chun a shochair Banna ceannaigh thar barr amach a riaradh de réir an bheartais athraithe seo tráth scoir.

Cás E: Deacracht a bhí ann le haistriú idir scéimeanna pinsin

Cuireadh gearán isteach maidir le fadhbanna agus aistriú á dhéanamh idir scéimeanna pinsin gairmeacha, tar éis athrú fostaíochta. Bhí an duine i gceist ina bhall de scéimeanna Sochar Sainithe (DB) agus Ranníocaíocht Bhreise Dheonach (AVC) leis an gcéad fhostóir. Nuair a d'fhág sé an fhostaíocht sin, d'iarr sé go n-aistreofaí na sochair seo chuig scéim a fhostóra nua.

Thoiligh na hIonantobhaithe leis seo agus íocadh luach aistrithe isteach i scéim pinsin a fhostóra nua. Ach, thit sé amach nár léirigh an méid a aistríodh ach luach a shochar AVC agus nár áiríodh ann luach a príomhshochair scéim DB.

Leagann na Coimisinéirí Ioncaim amach gur gá sochair AVC a riaradh i gcomhar leis na príomhshochair scéim pinsin. Dá bhrí sin, níor cheart na sochair AVC a aistriú amach gan na príomhshochair scéime a aistriú chomh maith céanna.

Níor thángthas ar an earráid seo go dtí dhá bhliain tar éis an eachtra agus cuireadh luach an tsochair AVC ag an am sin ar ais sa scéim bhunaidh. Ach, faoin am sin bhí luach níos lú air mar gheall ar dhrochfheidhmíocht infheistíochta a baineadh amach faoin gciste gabhála.

Teastaíonn comhoibriú agus aird na scéime íoctha agus na scéime gabhála chun bainistiú ceart a dhéanamh ar aistriú idir scéimeanna pinsin. Tá freagrachtaí agus dualgais le comhlíonadh ar an dá thaobh san idirbheart.

Tar éis scrúdú ar an gcás a cuireadh isteach, bunaíodh gur tharla míriarachán agus gur tharla cailiteanas airgeadais don ghearánaí mar thoradh. Le comhoibriú idir na páirtithe a bhí i gceist, aontaíodh togra réitigh a chúlaigh tionchar an drochastrithe agus a chuir ina cheart an cailiteanas airgeadais a bhí ag an ngearánaí.

Cás F: Sochar um Fhágáil Seirbhíse Féideartha

Bhí an gearánaí ina bhall de scéim pinsin gairmeach neamhranníocach ar feadh 14 bliana suas go dtí Márta 1991, nuair a fhág sé an fhostaíocht. Ní bhfuair sé aon fhógra ag an am maidir le haon sochar scéim pinsin um fhágáil seirbhíse a bhí dlite dó ach thuig sé go raibh sé i dteideal sochar den chineál sé sin.

Nuair a bhí sé ag teacht i dtreo 65 bliain, rinne sé fiosrúcháin lena iarfhóir maidir le híocaíocht a shochair scoir. Bhí díomá air nuair a dúradh leis nár coinníodh aon sochar dó faoin scéim agus d'iarr sé míniú óna iarfhóir.

Míníodh dó nár tugadh caomhnú sochair scéim pinsin isteach ach ón 1 Eanáir 1991, faoi théarma Acht na bPinsean, 1990, ar bhonn céimnithe. Bhain na forálacha le baill scéime a d'fhág fostaíocht roimh an ngnáthdháta scoir ag déanamh iarratais faoin scéim ábhartha agus nár cuireadh i bhfeidhm iad go cúlghabhálach. Theastaigh uathu go mbeadh 5 bliana de bhallraíocht scéime ag ball scéime, dhá bhliain díobh tar éis an 1 Eanáir 1991, le cáiliú ar sheirbhís a fhágáil do theidlíocht ar shochair scéim pinsin tabhaithe. Dúradh mar gheall gur fhág sé an fhostaíocht i Márta 1991, nach bhféadfadh sé na riachtanais seo a shásamh agus dá bhrí sin nár cháiligh sé do shochar caomhnaithe faoin scéim pinsin.

Cuireadh an cheist isteach mar ghearán chuig an Ombudsman, agus scrúdaíodh é chun na fíricí a fháil amach. Thuairiscíomar go raibh an fhaisnéis tugtha don ghearánaí ceart agus bunaithe ar a bhallraíocht scéime roimhe seo, nach raibh teidlíocht reachtúil aige, ná níor cuireadh ina uí air go mbeadh teidlíocht aige do shochar pinsin caomhnaithe, ag baint leis.

Cuireann ár sainchúram reachtúil cosc orainn bronnadh a dhéanamh a thabharfadh níos mó ná mar a bheadh sé nó sí ina theideal faoi rialacha na scéime pinsin, na príomhreachtaíochta agus cleachtas na gCoimisinéirí Ioncaim. I gcúinsí an cháis, chinn an tOmbudsman nach raibh aon mhíriarachán ar shochar an ghearánaí faoin scéim, agus nach raibh aon teidlíocht reachtúil aige ar shochar pinsin caomhnaithe tráth seirbhís a fhágáil. Mar thoradh, ní fhéadfadh an tOmbudsman seasamh leis an ngearán ná aon dámhachtain a dhéanamh.

Cuid 4 – Ráitis Airgeadais

Oifig an Ombudsman Pinsean

Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

Clár Ábhair	Leathanach
Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	1
Ráiteas Freagrachtaí an Ombudsman Pinsean	2
Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach	3
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe Ráiteas ar Ioncam	4
Cuimsitheach	5
Ráiteas maidir le Staid Airgeadais	6
Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais	7
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	8-12



Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Oifig an Ombudsman Pinsean

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Oifig an Ombudsman Pinsean don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 faoi Acht na bPinsean 1990, arna leasú. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe, an ráiteas ar ioncam cuimsitheach, an ráiteas maidir le staid airgeadais, an ráiteas ar shreafaí airgeadais agus nótaí lena mbaineann. Réitíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi Alt 143 den Acht, arna leasú agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn.

Freagrachtaí an Ombudsman Pinsean

Tá an tOmbudsman Pinsean freagrach as na ráitis airgeadais a réiteach, as cinntiú go dtugtar amharc fíor agus cóir iontu agus as cinntiú go mbíonn idirbhearta rialta.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá sé de fhreagracht ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí infheidhmithe.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus feidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (an RA agus Éire) agus de réir Chaighdeáin Eiticíúil d'Iniúcháirí an Bhoird Chleachtais Iniúchta.

Scóip Iniúchadh na Ráiteas Airgeadais

Is é a bhaineann le hiniúchadh, fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, atá leordhóthanach chun rathúnas réasúnta a thabhairt nach bhfuil aon mhíríteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh sin tí chalaos nó earráid. Áirítear anseo an measúnú ar

- an bhfuil na beartais chuntasaíochta ábhartha do chúinsí Oifig an Ombudsman Pinsean, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go leordhóthanach iad
- réasúntacht na dtuairiscí chuntasaíochta suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á réiteach, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.
- Déanaim iarracht chomh maith fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta.

Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, sna ráitis airgeadais:

- tugtar amharc fíor agus cóir ar shócmhainní, dhliteanais agus staid airgeadais na hOifige amhail an 31 Nollaig 2016 agus ar a ioncam agus caiteachais do 2016; agus
- réitíodh iad i gceart de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn.

I mo thuairim, ba leor taifid chuntasaíochta na hOifige le go bhféadfaí iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Aontaíonn na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

Cúrsaí a Déanaim Tuairisciú trí Eisceacht orthu

Déanaim tuairisciú trí eisceacht mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó má aimsím

- aon chás ábhartha nár cuireadh airgead i bhfeidhm chun na críocha a bhí i gceist nó i gcás nár chloígh idirbhearta leis na húdaráis a bhí á rialú, nó
- mura léirítear sa ráiteas maidir le rialú airgeadais inmheánach comhlíonadh na hOifige leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- má tá aon cheisteanna ábhartha eile a bhaineann leis an gcaoi go ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na ceisteanna sin a bhaineann le tuairisciú trí eisceacht.

Mary Henry

Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Meitheamh 2017

Ráiteas Freagrachtaí an Ombudsman Pinsean

Éilítear in Alt 143(1) d’Acht na bPinsean, 1990 arna chur isteach ag Alt 5 d’Acht na bPinsean (Leasú) 2002 ar an Ombudsman Pinsean ráitis airgeadais a réiteach, i bhfoirm a bheadh faofa ag an Aire Coimirce Sóisialaí tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina dtaifeadtar gach cuntas ceart agus gnách airgid a fuair agus a chaith sé. In ullmhú na ráitis airgeadais seo, éilítear ar an Ombudsman:

O Beartais cuntasáochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach. **II** Cinntí agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama.

A rá cibé acu ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon difriú ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, seachas más míchuí a réamh-mheas go leanfaidh an Oifig ag feidhmiú.

Tá an tOmbudsman freagrach as leabhair chearta cuntais a choinneáil, a léiríonn go fíor cothrom ag am ar bith staid airgeadais na hOifige agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag cloí le hAlt 143(1) den Acht.

Tá an tOmbudsman freagrach freisin as sócmhainní na hOifige a shlánchoimeád agus as bearta réasúnta a ghlacadh d'fhonn calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

Ger Deering

An tOmbudsman Pinsean

30 Meitheamh 2017

Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach

Freagracht as an gCóras um Rialú Airgeadais Inmheánach

Oifig bheag is ea Oifig an Ombudsman Pinsean inarbh ionann costais foirne agus seachfhoinsithe in 2016 agus 67% den chaiteachas iomlán.

Mar Ombudsman na bPinsean, tá sé de fhreagracht orm a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas um rialú inmheánach éifeachtach. Féadfaidh aon chóras mar sin ráthaíocht réasúnach, ach ní iomlán, a thabhairt go bhfuil idirbhearta deimhnithe, údaraithe agus taifeadta i gceart, go bhfuil sócmhainní cosanta agus go gcoisctear nó go mbraitear ar bhonn tráthúil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha.

Déanann an fhoireann san Oifig seo iarracht a chinntiú go bhfuil córas láidir um rialú airgeadais i bhfeidhm. Cuirtear faisnéis maidir le caiteachas ar fáil go rialta don bhainistíocht agus tá nósanna imeachta riaracháin trédhearcacha i bhfeidhm, lena n-áirítear scaradh dualgas trí chóras tarmligin soiléir.

Áirítear na nósanna imeachta seo a leanas sa chóras um rialú airgeadais:

- Cuirtear meastachán **bliantúil** ar riachtanais airgeadais ar fáil don Roinn Coimirce **Sóisialaí a** mhaoiníonn an Oifig.
- Nuair a aontaítear buiséad don bhliain, réitítear próifíl mhíosúil chaiteachais.
- Taifeadann an Oifig seo an caiteachas ar fad ar chóras cuntasáíochta mhórleabhar ginearálta na Roinne. Réitíonn brainse cuntas a Roinne tuairisc um chaiteachas míosúil agus cuirtear isteach chuig an Oifig é, áit a seiceáiltear agus a réitítear é in aghaidh na dtaifead atá san Oifig.
- Réitítear agus scaiptear ráiteas míosúil caiteachais ina ndéantar comparáid idir **an** caiteachas iarbhír agus meastacháin ar bhail foirne agus déanaim féin athbhreithniú air.
- Cuirtear tuarascáil ar fáil don Roinn dhá uair sa bhliain ina ndéantar comparáid idir caiteachas measta agus **iarbhír**.
- Tá scaradh dualgais i bhfeidhm idir deimhniú, údarú agus déanamh íocaíochtaí.
- Déanann an Roinn gach íocaíocht phá (agus aon ríomh lena mbaineann) agus neamhphá.
- Réitíonn cuideachta iniúchta neamhspleách na dréacht-chuntais bhliantúla sula gcuirtear isteach chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
- Feidhmíonn feidhm iniúchta inmheánach san Oifig, mar aon le nósanna imeachta airgeadais cáipéisithe agus mórleabhar mionairgid.

Ina theannta sin, tá feidhm iniúchta inmheánach ar fáil laistigh den Roinn Coimirce Sóisialaí. Clúdóidh aon iniúchadh ar fheidhm phá Rannach an chuid is mó de chaiteachas na hOifige seo. Déantar monatóireacht um rialú párolla ar bhonn míosúil.

Ger Deering

An tOmbudsman Pinsean

30 Meitheamh 2017

**Oifig an Ombudsman Pinsean
Ráitis Airgeadais don
Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016**

**Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016**

Ioncam	Nótaí	2016	2015
Deontas Oireachtais	1(d)	533,110	876,836
Lúide Ranníocaíochtaí Aoisliúntais arna Aisíoc	9(a)	(2,003)	(5,334)
Glandeontas Oireachtais		531,107	871,502
Glanmhaoiniú Pinsin Iarchurtha	9(c)	19,000	50,000
Ioncam Eile	2	68,493	96,811
Lúide Ioncam Eile arna Loghadh	2	(68,493)	(96,811)
Ioncam Iomlán		550,107	921,502
Caiteachas			
Caiteachas Margaíochta agus Próimisin		15,708	26,279
Costas Chomhairliúcháin		11,759	91,824
Luach Saothair	3(a).	384,329	412,909
Táillí Dí		60,440	209,344
Caiteachas Oibriúcháin	4	115,804	132,270
Caiteachas Iomlán		588,040	872,626
(Easnamh)/barrachas don bhliain roimh Leithreasáí		(37,933)	48,876
Aistriú ó/(chuig) Cuntas Caipitiúil	6	4,350	(40,731)
(Barrachas)/easnamh don bhliain tar éis Leithreasáí		(33,583)	8,145
Iarmhéid tugtha ar aghaidh ar an 1 Eanáir 2016		(18,854)	(26,999)
Iarmhéid tugtha ar aghaidh ar an 31 Nollaig 2016		(52,437)	(18,854)

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus na nótaí 1 go 11 ina slánchuid de na ráitis airgeadais seo.

**Oifig an Ombudsman Pinsean
Ráitis Airgeadais don
Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016**

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

	Nótaí	2016	2015
(Easnamh)/barrachas tar éis leithreasáí		(33,583)	8,145
Gnóthachan/(caillteanas) taithí ar dhualgais Athruithe i dtoimhdí atá mar bhonn agus taca le luach reatha dualgais shochair scoir	9(d)	27,000	(20,000)
Gnóthachan(caillteanas) achtúireach iomlán sa bhliain	9(b)	27,000	(20,000)
Coigeartú le maoiniú sochair scoir		(27,000)	20,000
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain		(33,583)	8,145

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus na nótaí 1 go 11 ina slánchuid de na ráitis airgeadais seo.


Ger Deering
Ombudsman Pinsean

30 Meitheamh 2017

**Oifig an Ombudsman Pinsean
Ráitis Airgeadais don
Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016**

Ráiteas maidir le Staid Airgeadais ar an 31 Nollaig 2016

	Nóta	2016 €	2015 €
Sócmhainní Seasta			
Maoin, Innealra agus Trealamh	5	44,634	48,984
Sócmhainní Reatha			
Infháltais agus Réamhíocaíochtaí	7	7,274	8,217
Airgead tirim agus Cóibhéisí Airgead tirim		325	163
		<u>7,599</u>	<u>8,380</u>
Dlíteanais Reatha (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)			
Suímeanna Iníoctha	8	<u>60,036</u>	<u>27,234</u>
Glandlíteanais Reatha			
		(52,437)	(18,854)
Sochair Scoir			
Sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha	9(d)/	330,000	406,000
Dualgais shochair scoir	9(b)	(330,000)	(406,000)
Glan (Dlíteanais)/Sócmhainní Iomlána			
		<u>(7,803)</u>	<u>30,130</u>
A Léiríonn			
Cuntas Caipitiúil	6	44,634	48,984
Cúlchistí Ioncaim Coinnithe		(52,437)	(18,854)
		<u>(7,803)</u>	<u>30,130</u>

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais agus na nótaí 1 go 11 ina slánchuid de na ráitis airgeadais seo.



Ger Deering

Ombudsman Pinsean

30 Meitheamh 2017

**Oifig an Ombudsman Pinsean
Ráitis Airgeadais don
Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016**

Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

	2016	2015
	€	€
Insreafaí glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Farasbarr (an chaiteachais thar ioncam) / an ioncaim thar	(37,933)	48,876
Dímheas	6,152	7,833
Caillteanas ar dhiúscairtí	627	3,699
Laghdú in infháltais agus réamhíocaíochtaí	943	1,136
Laghdú/(méadú) i suimeanna iníochta	32,802	(9,379)
Glansreabhadh airgid isteach ó ghníomhaíochtaí oibriochtúla	2,591	52,165
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		
Íocaíochtaí chun maoin, innealra agus trealamh a fháil	(2,429)	(52,263)
Glanmhéadú/ (laghdú) in airgead tirim agus coibhéisí airgead tirim	162	(98)
Airgead tirim agus coibhéisí airgead tirim amhail an 1 Eanáir	163	261
Airgead tirim agus coibhéisí airgead tirim amhail an 31 Nollaig	325	163

Oifig an Ombudsman Pinsean
Ráitis Airgeadais don
Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1 Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bunús na cuntasíochta agus beartais shuntasacha cuntasíochta arna nglacadh ag Oifig an Ombudsman Pinsean. Cuireadh i bhfeidhm ar fad iad i rith na bliana agus don bhliain roimhe.

- **Eolas Ginearálta**

Comhlacht neamhspleách agus neamhchlaonta is ea Oifig an Ombudsman Pinsean, a bunaíodh in 2003, de bhun Chuid XI d'Acht na bPinsean, 1990, arna chur isteach ag Acht na bPinsean (Leasú) 2002.

Is iad príomhchuspóirí Oifig an Ombudsman Pinsean, arna leagan amach san Acht, le scrúdú, iniúchadh agus cinneadh a dhéanamh ar bhealach neamhspleách, neamhchlaonta agus cothrom, maidir le gearáin agus díospóidí a bhaineann le scéimeanna pinsin gairmeacha, Cuntais Choigiltis Scoir Pearsanta (PRSA) agus RACanna Iontaobhais, chun sásamh a dheonú, nuair is cuí.

Aonán um Leas an Phobail (PBE) is ea an tOmbudsman Pinsean.

- **Ráiteas Comhlíonta**

Réitíodh ráitis airgeadais Oifig an Ombudsman Pinsean don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais infheidhmithe san RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an Financial Reporting Council (FRC), arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

Is é an dáta aistriithe chuig FRS 102 an 1 Eanáir 2014. Ní raibh aon tionchar ag an aistriú chuig FRS 102 ar a sheasamh airgeadais ná a fheidhmíocht airgeadais tuairiscithe.

- **Bunús an Ullmhaithe**

Réitíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, seachas sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag luachanna córa arna mhíniú sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis chuntasaíochta san fhoirm arna fhaomhadh ag an Aire Coimirce Sóisialaí, le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, arna fhoráil faoi Alt 143(1) d'Acht na bPinsean, 1990.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach i ndéileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais Oifig an Ombudsman Pinsean.

- **Ioncam**

Deontas Oireachtais

Léiríonn Deontas Oireachtais na hÍocaíochtaí iomlána a dhéanann an Roinn Coimirce Sóisialaí thar ceann na hOifige, i mbliain an chuntais. Cuireann an Roinn Coimirce Sóisialaí, a dhéanann gach íocaíocht thar ceann na hOifige, maoiniú ar fáil d'Oifig an Ombudsman Pinsean. Is ionann an deontas iomlán agus an tsuim a thabhaítear le Cuntas Leithghabhála na Roinne sin.

Ioncam Eile

Tugtar ioncam eile a bhaineann go príomha le bronnadh cúirte costais dlíthiúla i bhfabhar Oifig an Ombudsman Pinsean chuig an gcuntas ar bhonn fáiltais airgid.

- **Maoin, Innealra agus Trealamh**

Luaitear maoin, innealra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carntha. Cuirtear dímheas ar fáil ar gach maoin, innealra agus trealamh ag rátaí measta chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn líne dhírigh thar a saoil úsáideacha measta, mar seo a leanas:

IT, Crua-earraí, Bogearraí agus Trealamh Oifige 20% Líne Dhíreach
Troscaán agus Feistis 10% Líne Dhíreach

- **Infháltais agus Réamhíocaíochtaí** Aithnítear infháltais agus réamhíocaíochtaí ag luach cóir.

- **Sochair Fostaí**

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair gearrthéarmacha cosúil le pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a thabhaítear ag deireadh na bliana san fhigiúr Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas maidir le Staid Airgeadais.

- **Sochair Scoir**

Déantar foráil scoir do chomhaltaí foirne na hOifige, ar Státseirbhísigh iad, faoi na Scéimeanna Aoisliúntais Státseirbhíse sochar sainithe cuí. Baineann an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair le státseirbhísigh nua arna gceapadh i bpoist inphinsin ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuileann fostaithe, agus taispeántar iad glan de ranníocaíochtaí pinsin foirne a loghadh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí. Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn leis an táille phinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus arna sheach-chur le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Maoinítear na scéimeanna aoisliúntais ar bhonn íoc mar a úsáidtear ón airgead a chuireann an Roinn Coimirce Sóisialaí ar fáil agus ó ranníocaíochtaí arna n-asbhaint ó thuarastail foirne.

Bainistíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí feidhm phárolla chomhaltaí foirne Oifig an Ombudsman Pinsean. Asbhaintear ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaithe ó thuarastail agus loghann an Roinn Coimirce Sóisialaí iad.

Oifig an Ombudsman Pinsean
Ráitis Airgeadais don
Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

1 Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Bhronn Alt 130 d'Acht na bPinsean, 1990 cumhacht ar an Aire Coimirce Sóisialaí, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun foráil a dhéanamh do bhunú scéim aoisliúntais ar leith don Ombudsman Pinsean. Achtaíodh an reachtaíocht le tacú leis seo faoi Ionstraim Reachtuil Uimh. 433 de 2015, le dáta tosaithe an 28 Aibreán 2003.

Bhunaigh sé seo scéim sochar sainithe don Ombudsman Pinsean, ina dtomhaistear dliteanais na scéime pinsin ar bhonn achtúireach tríd an modh aonaid tuartha a úsáid.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuileann an tOmbudsman Pinsean sa tréimhse agus taispeántar iad glan dá ranníocaíochtaí pinsin a choinníonn an Roinn Coimirce Sóisialaí. Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn leis an táille phinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus arna sheach-chur le deontas a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Aithnítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha ó athruithe i dtuimhdeacht achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh thaithe sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón Roinn Coimirce Sóisialaí

Léiríonn Sochair Scoir luach reatha na n-íocaíochtaí sochar scoir sa todhchaí a thuill an tOmbudsman go dáta. Léiríonn sochair scoir iarchurtha an sócmhainn chomhfhreagrach le haisghabháil sna tréimhsí amach anseo ón Roinn Coimirce Sóisialaí.

Breithnithe agus Meastacháin um Chuntasaíocht Chriticiúil

Chun na ráitis airgeadais a réiteach is gá don bhainistíocht breitheanna, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbeidh tionchar acu ar na méideanna tuairiscithe i gcomhair sócmhainní agus dliteanais amháil dháta an chláir chomhardaithe agus na méideanna tuairiscithe d'ioncain agus do chaiteachais i rith na bliana. Ach, mar gheall ar nádúr an mheastacháin, d'fhéadfadh na torthaí deiridh a bheith éagsúil ó a meastacháin sin. Bhí an tionchar ba shuntasáí ag na breithnithe seo a leanas ar na méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais.

Dimheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne an tOmbudsman athbhreithniú ar shaoil sócmhainní agus luachanna iarmharacha lena mbaineann gach aicme sócmhainn seasta, agus go háirithe, saol geilleagair agus luachanna iarmharacha úsáideacha daingneán agus feisteas, agus tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil saoil shócmhainní agus luachanna iarmharacha cuí.

Dualgas Shochair Scoir

Nuashonraítear go bliantúil na toimhdí atá mar bhonn agus taca le luachálacha achtúireacha dá gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéal chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí i dtreocht chostas chúram sláinte) bunaithe ar choinníollacha gheilleagair reatha, agus as aon athruithe ábhartha le téarmaí agus coinníollacha an phinsin agus phleananna iarscoir.

D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag na nithe a leanas ar na toimhdí:

- (I) an ráta lascaine, athruithe sa ráta fáltais ar bhannaí chorparáideacha ardchaighdeán
- treochtaí i ráta cúitimh amach anseo, coinníollacha sa mhargadh saothair amach anseo
- treochtaí i rátaí chostas chúram sláinte, boilsciú sa ráta chostas leighis sna réigiúin ábhartha.

Cuntas Caipitiúil

Léiríonn an Cuntas Caipitiúil luach neamh-amúchta an ioncain a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh caiteachais chaipitiúla.

Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais

Réitítear ráiteas ar shreafaí airgeadais de réir FRS 102 agus áirítear é ag leathanach 7.

2 Ioncam Eile

Baineann ioncam eile €68,493 (2015: €96,811) a fuarthas in 2016 le costais dlí a bhronn na Cúirteanna i ndáil le cásanna Achomhairc a tugadh in aghaidh Oifig an Ombudsman Pinsean. Loghadh an t-ioncam seo go hiomlán leis an Roinn Coimirce Sóisialaí mar Leithreasáil-i-gCabhair.

3 Luach Saothair

(a) Luach Saothair agus Costais Phá Eile

	2016	2015
	€	€
Pá agus Tuarastail	330,787	343,395
Costais Iasachta	36,398	23,468
Foirne Taisteal	147	1,380
	16,997	44,666
Costais Sochar Scoir		
Iomlán	384,329	412,909

Asbhaineadh €24,625 (2015: €34,089) ar an iomlán ó thuarastail foirne trí asbhaint a bhaineann le pinsean agus arna choinneáil ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Suas go dtí Bealtaine 2016 tugadh fostaí amháin ar iasacht chuig Oifig an Ombudsman Pinsean ó Bhiúro an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais. Áiríodh sna costais iasachta thuas chomh maith an t-athrú comhréireach a bhaineann le hOifig an Ombudsman Pinsean as seirbhísí an Uasail Ger Deering – a ceapadh ina Ombudsman Pinsean ón 18 Bealtaine 2016. Tá post mar Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais ag an Uasal Deering ag an am céanna.

Oifig an Ombudsman Pinsean
Ráitis Airgeadais don
Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

3 Luach Saothair (ar lean)

(b) Líon Fostaithe

Seo a leanas comhdhéanamh an mheánlíon fostaithe i rith na tréimhse

	2016	2015
An tOmbudsman	1	1
Foireann Riaracháin	6	5
	7	6

(c) Tuarastal an Ombudsman

	2016 €	2015 €
Tuarastal	63,743	93,490

D'éirigh an t-uasal Paul Kenny as bheith ina Ombudsman Pinsean ar an 17 Bealtaine 2016 agus ceapadh an tUasal Ger Deering ansin sa ról. Tá post mar Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais ag an Uasal Deering freisin. Mar gheall air seo, níl aon tuarastal breise infoctha leis an Uasal Deering mar Ombudsman Pinsean, ach ó Bhealtaine 2016 baineann cuid dá chostas fostaíochta le hOifig an Ombudsman Pinsean.

(d) Tuarastail Fostaithe os cionn €60,000 sa bhliain

Banda	2016	2015
	Líon fostaithe	Líon fostaithe
€70,000 - €80,000	1	2
€80,000 - €90,000	1	
€90,000 - €100,000		1
	2	3

4 Caiteachas Oibriúcháin

	2016 €	
Costais Ghinearálta	4,344	€
Postas agus Teileachumarsáid	2,618	€
Priontáil agus Stáiseanóireacht	3,321	€
IT/Innealra Oifige (Neamh-Shócmhainne)	7,497	€
Táille Iniúchta	10,000	€
Cothabháil	837	€
Cíos agus Táillí Seirbhíse	80,408	€
Dímheas	6,152	€
Cailteanas ar Dhiúscairtí / Aistrithe	627	€
	115,804	€

5 Maoin, Innealra agus Trealamh

	IT		
	Crua-earraí, Bogearraí agus Trealamh Oifige	Troscán agus Feistis €	
Costas	75,564	97,394	€
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2016			€
Breiseanna	2,429	-	€
Diúscairtí	(3,545)	-	€
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2016	74,448	97,394	171,842
Dímheas			
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2016	(73,615)	(50,359)	(123,974)
Dímheas Cuntais ar Dhiúscairtí	2,918	-	2,918
Táille don bhliain	(926)	(5,226)	(6,152)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2016	(71,623)	(55,585)	(127,208)
Glanluach Leabhair			
Ar an 1 Eanáir 2016	1,949	47,035	48,984
Glangluaiseacht don bhliain	876	(5,226)	(4,350)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2016	2,826	41,809	44,634

Oifig an Ombudsman Pinsean
Ráitis Airgeadais don
Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

6 Cuntas Caipitiúil	€	€
Iarmhéid amháil an 1 Eanáir 2016		48,984
Ceannachán Sócmhainní Seasta	2,429	
Amúchadh de réir Dímheasa	(6,152)	
Caillteanas ar dhíúscairtí	(627)	
Aistriú ón Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus an Cuntas Chúlchistí Ioncaim Coinnithe		(4,350)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2016		44,634

7 Infháltais agus Réamhíocaíochtaí	2016	2015
	€	€
Réamhíocaíochtaí	7,274	8,217

8 Suimeanna Iníoctha	2016	2015
Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin	€	€
Creidiúnaithe	48,460	11,564
Táille Iniúchta	10,000	10,500
Tabhú Pá Saoire	1,576	5,170
	60,036	27,234

9 Costais Sochar Scoir don Ombudsman Pinsean

• Anailís ar na costais shochar scoir iomlána arna dtabhú leis an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	2016	2015
	€	€
Costas Reatha Seirbhíse	8,000	30,000
Ús ar Dhliteanais Scéim Sochair Scoir	11,000	20,000
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(2,003)	(5,334)
Cistí in-aisghabhála i ndáil le costais phinsin sa bhliain reatha	16,997	44,666
• Gluaiseacht i nglanlíteanas sochair scoir i rith na bliana airgeadais	2016	2015
	€	€
Glanlíteanas Sochair Scoir ar an 1 Eanáir	406,000	336,000
Costas Reatha Seirbhíse	8,000	30,000
Iar-chostas Seirbhíse	-	-
Costas Úis	11,000	20,000
(Gnthachan)/caillteanas Achtúireach	(27,000)	20,000
Sochair Scoir arna n-íoc sa bhliain	(68,000)	-
Glanlíteanas Sochair Scoir ar an 31 Nollaig	330,000	406,000

• Maoiniú Iarchurtha do Shochair Scoir

Aithníonn Oifig an Ombudsman Pinsean an méid seo mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn leis an dualgas neamh-mhainithe iarchurtha do shochair scoir ar bhonn na dtuairimí leagtha amach a ndéantar cur síos orthu ag (e) agus roinnt imeachtaí stairiúla. Áirítear leis na himeachtaí seo an bunús reachtúil chun scéim shochair scoir a bhunú agus an beartas agus cleachtas i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le pinsin sa tseirbhís phoiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastacháin bhliantúil. Níl aon fhianaise ag Oifig an Ombudsman Pinsean nach leanfaidh an beartas mainithe seo ar aghaidh chun na suimeanna seo a shásamh de réir an chleachtais reatha.

Seo a leanas an glanmhaoiniú iarchurtha do shochair scoir arna aithint sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:

	2016	2015
	€	€
Maoiniú in-aisghabhála i ndáil le costais shochair scoir sa bhliain reatha	19,000	50,000
	19,000	50,000

B'ionann an sócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin amháil an 31 Nollaig 2016 agus €330,000 (2015: €406,000).

Oifig an Ombudsman Pinsean
Ráitis Airgeadais don
Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2016

9 Costais Sochar Scoir don Ombudsman Pinsean (ar lean)

- Stair na ndualgas sochar sainithe

	2016	2015	2014	2013	2012
	€	€	€	€	€
Dualgas Shochar Sainithe	330,000	406,000	336,000	315,000	294,000
Caillteanais/(gnóthachana) taithe ar dhliteanais scéime sochair sainithe	(27,000)	20,000	(26,000)	(25,000)	(9,000)
Céatadán luach reatha dhliteanais na scéime	-8%	5%	-8%	-8%	-3%

- Cur síos Ginearálta ar an Scéim

Socrú pinsin um shochar sainithe deiridh is ea an scéim shochar scoir le sochair agus ranníocaíochta sainmhínithe trí thagairt do rialacháin scéime “mhúnla” reatha na hearnála poiblí. Tugann an scéim pinsean (aon ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéilí agus leanaí. Is é an gnáthaois scoir 65ú breithlá baill, agus tá daoine a bhí ina mbaill roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60. Is iondúil go méadaíonn pinsin atá á n-íoc (agus á gcur siar) de réir bhoilsciú tuarastail ginearálta na hearnála poiblí.

Bunaíodh an luacháil a úsáidtear do nochtáí FRS 102 ar an luacháil achtúireach a dhéanann achtúire neamhspleách cháilithe ag tabhairt riachtanais FRS san áireamh d’fhonn measúnú a dhéanamh ar dhliteanais scéime amháil an 31 Nollaig 2016.

Seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha:

	2016	2015
Ráta méadú i dtuarastail	2.50%	2.50%
Ráta méadú i bpinsean á n-íoc	2.50%	2.50%
Ráta Lascaine	1.85%	2.35%
Ráta Boilsciú	1.75%	1.75%

Ceadaíonn an bunús básmháireachta a nglactar leis d’fheabhsúcháin in ionchas saoil thar am, ionas go mbraithefidh ionchas saoil tráth scoir ar an mbliaín ina sroicheadh an ball aois scoir (aois 65). Léirítear sa tábla thíos ionchas saoil do bhaill a shroicheadh 65 in 2015 agus 2016.

Blianta sroichte aois 65	2016	2015
Ionchas saoil – fireann	86	87
Ionchas saoil – bainneann	89	90

10 Áitreach

Ag réiteach don chónascadh pleanáilte le Biúro an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais, bhog foireann Oifig an Ombudsman Pinsean in 2015 le bheith san ionad céanna leis an mBiúro, nuair a bhí spás oifige breise ar fáil ag Teach Lincoln, Plás Lincoln, Baile Átha Cliath 2. Ghlac Biúro an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais an léas don spás breise seo ón 1 Márta 2015, le 40% inmhuirir le hOifig an Ombudsman Pinsean. B’ionann na táillí cíosa agus seirbhísí iniúchta sa bhliain 2016 ag Oifig an Ombudsman Pinsean don áitreach ag Plás Lincoln agus €80,408.

11 Cónascadh le Biúro an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais

Mar chuid de Chlár Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí, ghlac an Rialtas cinneadh in Aibreán 2013 chun Oifig an Ombudsman Pinsean a chónascadh le Biúro an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais. Beidh reachtaíocht chumasaithe ag teastáil chuige seo, ach níor críochnaíodh á dhréachtú seo in 2016.

Ach, i mBealtaine 2017 d’fhoilsigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Bille um Ombudsman um Sheirbhísí agus Pinsean 2017, agus rinneadh cur síos air mar phársa reachtaíocht tosaíochta. Táthar ag súil go n-achtófar an reachtaíocht a chuirfidh an cónasc i bhfeidhm sa bhliain 2017.